



Na Scileanna Traschuraclaim a Mheasúnú



Rewarding Learning

Treoir Bhreise

maidir leis na Socruithe Measúnaithe

Maidir le daltaí sa bhliain deiridh
d'Eochairchéim 3 don Chumarsáid,
d'Úsáid na Matamaitice agus d'Úsáid TFC

ó 2017–18

Ábhar

Réamhrá		1
Cuid 1	Cad é atá Riachtanach ó 2017/18	2
1.1	Measúnú Múinteora	2
1.2	Modhnóireacht Sheachtrach	2
1.3	Moltaí do Phríomhoidí agus do Cheannairí Scoile	3
Cuid 2	Measúnú	4
2.1	Polasaí Measúnaithe	4
2.2	Na Scileanna Traschuraclaim a mheasúnú trasna na Réimsí Foghlama	4
2.3	Breithiúnais Mheasúnaithe a Dhéanamh	4
2.4	Torthaí a Thuairisciú	7
2.5	Gníomhaíochtaí Measúnaithe	7
2.6	Tascanna Measúnaithe	8
2.7	CCanna: An Chumarsáid, Úsáid na Matamaitice agus Úsáid TFC	9
2.8	Caighdeánú Inmheánach	12
Cuid 3	Modhnóireacht	14
3.1	Próiseas na Modhnóireachta	14
3.2	Modhnóireacht: Iontrálacha Scoile	14
3.3	Ábhar le Cur Isteach in Iontrálacha Scoile	14
3.4	Nótaí a Chur le hObair na nDaltaí	16
3.5	Cinntiú go bhfuil gach rud san Iontráil	16
3.6	Aiseolas ar an Mhodhnóireacht	17
3.7	Modhnóireacht Leantach	17
Cuid 4	Daltaí a bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu a Mheasúnú	18
Cuid 5	Teagmhálacha Úsáideacha	20
Aguisín 1	Treoir ar Chaighdeánú Inmheánach	21

Réamhrá

Is do phríomhoidí, do chomhordaitheoirí agus do mhúinteoirí a bheas páirteach i measúnú reachtúil deireadh Eochairchéime agus socrúithe modhnóireachta in 2017/18 an treoirleabhar seo.



Cuireann sé faisnéis ar fáil ar mheasúnú reachtúil na Cumarsáide, Úsáid na Matamaitice agus Úsáid TFC agus téann sé leis an leabhrán *Socrúithe Measúnaithe Maidir le Daltaí sa Bhliain Deiridh d'Eochairchéim 3 don Chumarsáid, d'Úsáid na Matamaitice agus d'Úsáid TFC, 2017/18* (CCEA, 2017), a leagann amach na riachtanais reachtúla. Tá sé seo ar fáil ar líne ag www.ccea.org.uk

Tugtar faoi deara gur úsáid muid na dathanna seo a leanas sa leabhrán seo le cuidiú leat an t-eolas atá de dhíth ort a aimsiú go gasta:

Mórphointí

Eolas a bhaineann go sainiúil leis an Chumarsáid

Eolas a bhaineann go sainiúil le hÚsáid na Matamaitice

Eolas a bhaineann go sainiúil le hÚsáid TFC

Cuid 1

Cad é atá Riachtanach ó 2017/18

Sa chuid ghairid seo, tugtar léargas ar phríomhriachtanais an mheasúnaithe ag Eochairchéim 3. Gheobhaidh tú sainsonraí maidir leis an mheasúnú i gCuid 2 agus maidir leis an mhodhnóireacht i gCuid 3.

1.1 Measúnú Múinteora

Tá sé riachtanach do mhúinteoirí daltaí a mheasúnú i mBlianta **8, 9 agus 10** gach bliain le tagairt do na Leibhéil de Dhul Chun Cinn don Chumarsáid, d'Úsáid na Matamaitice agus d'Úsáid TFC. Caithfidh siad an measúnú a bhunú ar na critéir atá leagtha amach sna leibhéil do gach scil.

Do dhaltá **ag deireadh Eochairchéime**, i mBliain 10, caithfidh múinteoirí **an leibhéal** uimhriúil atá bainte amach ag gach dalta sa Chumarsáid, in Úsáid na Matamaitice agus in Úsáid TFC a mheasúnú agus a thuairisciú:

- don Roinn Oideachais, trí CCEA, faoin dáta a leagtar amach sa phóstaeir Dátaí Tábhachtacha; agus
- do na tuismitheoirí, tríd an Tuairisc Bhliantúil, faoi 30 Meitheamh gach bliain.

I nGaelscoileanna agus in aonaid Ghaeilge, ba chóir leibhéal do dhaltá Bhliain 7 a thuairisciú don Chumarsáid i nGaeilge agus i mBéarla araon.

1.2 Modhnóireacht Sheachtrach

Is bealach le dearbhú cáilíochta a dhéanamh í an mhodhnóireacht sheachtrach. Chuir muid na scoileanna ar an eolas cheana féin faoin Scil Traschuraclaim a ndéanfar modhnóireacht uirthi i mbliana (An Chumarsáid, Úsáid na Matamaitice nó Úsáid TFC); má tá aon cheist agat, déan teagmháil le Foireann Riartha Measúnuithe CCEA (Féach Cuid 5 le sonraí a fháil).

Modhnóireacht: I mí Feabhra, cuirfidh scoileanna iontráil scoile ar fáil dúinn (don Chumarsáid, d'Úsáid na Matamaitice nó d'Úsáid TFC) bunaithe ar na leibhéil shainiúla a bhfuil sé beartaithe acu a thuairisciú do na daltaí. Baineann an chéim seo le **gach** scoil.

Ansin, faoin dáta a leagtar amach sa phóstaeir Dátaí Tábhachtacha, cuirfidh scoileanna sonraí ar fáil dúinn de na torthaí leibhéal dá gcuid daltaí i mBliain 10.

Modhnóireacht Leantach: Ní bhaineann seo **ach** leis na scoileanna nár deimhníodh a dtuiscint ar na leibhéil ag an mhodhnóireacht. Beidh deis ann tacaíocht bhreise a fháil ó mhodhnóirí CCEA, agus is féidir tuilleadh plé a dhéanamh ar an fhianaise ansin.

Féach an [clár ama](#) a eisíodh le liosta iomlán a fháil de na dátaí tábhachtacha i mbliana.

1.3 Moltaí do Phríomhoidí agus do Cheannairí Scoile

Má dhéantar machnamh ar na pointí sa tseicliosta thíos, cuideoidh sé leat a chinntiú go bhfuil an scoil ag comhlíonadh na riachtanas reachtúil don mheasúnú ar na Scileanna Traschuraclaim.

Measúnú agus Caighdeánú Inmheánach	
✓	Tá socruithe agus próisis ann le go mbeidh múinteoirí ábalta na riachtanais reachtúla mheasúnaithe a chur i bhfeidhm.
✓	Déantar caighdeánú inmheánach le go mbeidh comhthuisicint leanúnach ag na múinteoirí ar na caighdeáin taobh istigh de na Leibhéal de Dhul Chun Cinn.
✓	Bíonn múinteoirí ag freastal ar chruinnithe caighdeánaithe (Imeachtaí CCEA leis na caighdeáin a shocrú mar shampla) don Chumarsáid, d'Úsáid na Matamaitice agus d'Úsáid TFC agus cuirtear eolas ábhartha ó na cruinnithe seo ar aghaidh chuig a gcuid comhoibrithe.
✓	Cuirtear am áirithe i leataobh do mhúinteoirí páirt a ghlacadh sna cruinnithe seo tríd an bhliain.
✓	Sula dtarlaíonn measúnú deireadh Eochairchéime, cuireann na múinteoirí na socruithe ar aontaíodh orthu i bhfeidhm le linn cruinnithe caighdeánú inmheánach.

Tuairisciú agus Modhnóireacht Sheachtrach	
✓	Tuairiscíonn an scoil leibhéal gach dalta i mBliain 10 le CCEA faoin dáta atá sonraithe.
✓	Cuirtear iontráil scoile ar fáil do CCEA don mhodhnóireacht sheachtrach (curtha le chéile tríd an bhliain mar chuid den ghnáth-chleachtas teagaisc), mar aon leis na cáipéisí ábhartha tacaíochta, de réir na spriocdhátaí atá sonraithe.
✓	Cuirtear na múinteoirí ar an eolas faoi thorthaí na modhnóireachta a chuireann CCEA ar fáil agus déanfaidh siad aon ghníomhú breise atá de dhíth.
✓	I gcásanna eisceachtúla, mar shampla nuair a bhí múinteoir as láthair ar feadh tréimhse shuntasach ama, caithfear torthaí measúnaithe a aontú agus a thuairisciú go fóill.

Cuid 2

Measúnú

2.1 Polasaí Measúnaithe

Ba chóir go mbeadh polasaí soiléir measúnaithe ag gach scoil, mar atá leagtha amach in *Treoir Maidir leis an Mheasúnú: Tacaíocht do Scoileanna maidir leis na Riachtanais Reachtúla Mheasúnaithe agus Tuairiscithe a Chomhlíonadh* (CEEA, 2011). Maidir leis an pholasaí, ba chóir:

- go dtuigfeadh an fhoireann uilig é;
- go gcuirfeadh i bhfeidhm é i bpróisis, modhanna, cleachtais na scoile agus pleanáil forbartha na scoile;
- go mbeadh treoir shoiléir ann ar chuspóirí na modhanna measúnaithe, ar réimse na fianaise agus ar an fhaisnéis mheasúnaithe atá le húsáid;
- a chinntiú go bhfuil an fhoireann gníomhach i gcur i bhfeidhm an pholasaí; agus
- go ndéanfar é a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta.

2.2 Na Scileanna Traschuraclaim a Mheasúnú trasna na Réimsí Foghlama

Ag Eochairchéim 3, caithfidh gach Réimse Foghlama agus gach snáithe ábhair deiseanna a chur ar fáil do dhaltai na Scileanna Traschuraclaim (An Chumarsáid, Úsáid na Matamaitice² agus Úsáid TFC) **a fháil** agus **a fhorbairt** nuair is cuí. Tá tagairtí dóibh seo i ngach ceann de na Torthaí Foghlama do gach snáithe ábhair, agus ba chóir go mbeadh siad soiléir i do chuid pleanála agus i do chuid gníomhaíochtaí foghlama, teagasc agus measúnaithe.

Tá an-tábhacht leis an ghné traschuraclaim de scileanna a theagasc agus a fhorbairt. Ba chóir go mbeadh an Chumarsáid, Úsáid na Matamaitice agus Úsáid TFC leabaithe trasna eispéireas an churaclaim, le deiseanna a bheith ann do na daltaí iad a úsáid agus a fhorbairt i gcomhthéacsanna éagsúla agus a gcuid eispéireas foghlama a nascadh. Cé go mbeidh ról tábhachtach ag speisialtóirí Gaeilge, Béarla, Matamaitic agus TFC, ba chóir go mbeadh gach speisialtóir ábhair ag forbairt Scileanna Traschuraclaim agus Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta i réimse comhthéacsanna.

In Gach Scoil ina Scoil Mhaith, Comhair, Léigh leat: Éireoidh, Straitéis le Torthaí a Fheabhsú sa Litearthacht agus san Uimhearthacht (An Roinn Oideachais, 2011; alt 4.27), is é seo moladh na Roinne:

‘Cé go n-aithnítear gur gnéithe traschuraclaim iad Cumarsáid agus Úsáid na Matamaitice, ba cheart do Roinn na matamaitice agus do Roinn an Bhéarla (agus, i nGaelscoileanna, do Roinn na Gaeilge) measúnú na huimhearthachta agus na litearthachta a stiúradh agus ba cheart go mbeadh go leor ama agus go leor tacaíochta acu ó cheannairí na scoile le tabhairt faoin ról seo. Ba cheart go léireofaí an nádúr traschuraclaim atá ag baint le Cumarsáid agus le hÚsáid na Matamaitice trí chur chuige uile-scoile i leith na pleanála don litearthacht agus don uimhearthacht, agus go dtacófaí leis an mheasúnú trí aiseolas a thabhairt do Roinn an Bhéarla agus do Roinn na matamaitice (agus, i nGaelscoileanna, do Roinn na Gaeilge) de réir mar is cuí.’

Má tá níos mó ná Réimse amháin Foghlama (nó snáithe ábhair) i mbreithiúnais shuimitheacha mheasúnaithe, ba chóir go mbeadh deiseanna ag gach múinteoir lena mbaineann sé comhthuisctint a dheimhniú agus a choinneáil ar na caighdeáin taobh istigh de na Leibhéil de Dhul Chun Cinn. (Féach an treoír ar chaighdeánú inmheánach i Rannán 2.7 agus Aguisín 1.)

2.3 Breithiúnais Mheasúnaithe a Dhéanamh

Mórpoinnte

Ba chóir go mbeadh an measúnú a dhéanann an múinteoir ar dhul chun cinn daltaí **gach bliain** bunaithe ar an méid atá bainte amach ag an dalta:

- i réimse gníomhaíochtaí measúnaithe;
- i réimse comhthéacsanna; agus
- thar thréimhse ama.

² Níl sé reachtúil sa Cheol Úsáid na Matamaitice a fháil agus a fhorbairt.

Obair Dhalta a Mheasúnú

Nuair atá cinneadh á dhéanamh ag múinteoirí ar an leibhéal ag a bhfuil an dalta ag obair, ba chóir dóibh réimse fianaise ó **gach** gníomhaíocht mheasúnaithe atá déanta ag an dalta a chur san áireamh. Léiríonn an leibhéal a thugtar do fhreagairt aonair ar thasc nó ar ghníomhaíocht an dul chun cinn atá déanta ag an dalta sa phiosa oibre sin ag an pointe ama sin. Ba chóir go mbeadh an breithiúnas ar an fhreagairt aonair sin ina chuidiú, mar aon le heolas faoi dhul chun cinn gach dalta thar thréimhse ama i réimse comhthéacsanna, agus cinneadh a dhéanamh faoin leibhéal foriomlán.

Measúnú Foriomlán an Dalta

Caithfidh tú **breithiúnas suimitheach measúnaithe** a thabhairt ar gach dalta i mBliain 10. Ba chóir duit leibhéal a bhronnadh bunaithe ar:

- na **caighdeáin** atá leagtha amach sna Leibhéal de Dhul Chun Cinn;
- **fhianaise** d'inniúlacht an dalta:
 - trasna réimse na riachtanas don Scil Traschuraclaim; agus
 - ag an leibhéal sin ag a comhlíonann an dalta **an chuid is mó** de na critéir, dar leat;
- eolas ar fheidhmíocht an dalta thar am i **réimse comhthéacsanna**, lena n-áirítear comhthéacsanna nua agus/nó neamhaithnide, de réir mar is cuí; agus
- fhianaise atá ann cheana féin ó réimse de **ghníomhaíochtaí measúnaithe scoilbhunaithe** agus/nó **Tascanna Measúnaithe atá faofa ag CCEA/Thascanna Measúnaithe Eiseamláire**.

Má dhéanann tú caighdeánú inmheánach, cuideoidh sé leat a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ar na caighdeáin sa scoil. Is é a bheidh i gceist, athbhreithniú a dhéanamh ar shamplaí d'obair na ndaltaí a léiríonn an réimse gnóthachtála taobh istigh den scoil agus den Eochairchéim (féach Cuid 2.8 agus Aguisín 1).

Dul Chun Cinn a Mheasúnú i mBliain 10

Mórpheintí

Caithfidh múinteoirí cinneadh a dhéanamh ar na **leibhéal uimhriúla** atá bainte amach ag gach dalta i mBliain 10.

Caithfidh siad **aon leibhéal foriomlán amháin** a bhronnadh ar gach dalta don Chumarsáid (i mBéarla agus i nGaeilge de réir mar is cuí) **aon leibhéal foriomlán amháin** d'Úsáid na Matamaitice, agus **aon leibhéal foriomlán amháin** d'Úsáid TFC.

Caithfidh múinteoirí na torthaí seo a **thuairisciú** do thuismitheoirí/chaomhnóirí dhaltaí Bhliain 10 faoin 30 Meitheamh gach bliain.

Do gach dalta Bhliain 10, beidh ort úsáid a bhaint as do bhreithiúnas gairmiúil ansin le socrú ar an leibhéal a léirigh an dalta **feidhmíocht chomhsheasmhach** ann.

Mar shampla, dalta a meastar a bhfuil Leibhéal 5 bainte amach aige i mBliain 10, léirigh sé/sí:

- inniúlacht trasna leithead na riachtanas don Scil Traschuraclaim agus **sa chuid is mó** de na critéir a bhaineann leis an leibhéal trasna réimse na hoibre; agus
- cumas na rudaí seo a dhéanamh:
 - a bheith ag obair go comhsheasmhach neamhspleách sa chuid is mó de ghnéithe an leibhéal; agus
 - a bhfuil foghlamtha aige/aici a chur i bhfeidhm i gcásanna nua agus/nó neamhaithnide, de réir mar is cuí.

An Chumarsáid

Baineann an treoird maidir leis an Chumarsáid leis an Bhéarla agus leis an Ghaeilge, nuair is cuí, i nGaelscoileanna.

Caithfidh an **leibhéal foriomlán** a bhronnann tú don Chumarsáid a bheith bunaithe ar fheidhmíocht an dalta i ngach ceann de na trí mhodh:

- Léitheoireacht;
- Scríbhneoireacht; agus
- Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt.

B'fhéidir go mbeadh daltaí ag feidhmiú ag leibhéil éagsúla sna modhanna seo. Nuair a tharlaíonn seo, caithfear **dhá cheann ar a laghad** de na modhanna Cumarsáide a mheasúnú **ag an leibhéal** atá le bronnadh nó **ag an leibhéal os a chionn**.

	Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt	Léitheoireacht	Scríbhneoireacht	Leibhéal Foriomlán a Bronnadh
Dalta A	Leibhéal 5	Leibhéal 6	Leibhéal 5	Leibhéal 5
Dalta B	Leibhéal 4	Leibhéal 6	Leibhéal 7	Leibhéal 6

Úsáid na Matamaitice

Le **leibhéal foriomlán** a shainiú d'Úsáid na Matamaitice, caithfidh tú measúnú iomlánaíoch a dhéanamh ar fheidhmíocht an dalta. Caithfear **an fhianaise uilig** do 'na Riachtanais' in éineacht leis 'an tEolas agus an Tuiscint' (Uimhreas agus Ailgéabar, Cruith, Spás agus Tomhais; agus Láimhseáil Sonraí) a chur san áireamh.

Dalta a meastar a bhfuil leibhéal ar leith bainte amach aige, léirigh sé/sí leithead agus doimhneacht trasna na Riachtanais, agus an tEolas agus Tuiscint ag an leibhéal sin.

Úsáid TFC

Caithfidh an **leibhéal foriomlán** a bhronnann tú d'Úsáid TFC a bheith bunaithe ar fheidhmíocht an dalta ar thrí cinn de na Riachtanais seo a leanas:

- Fiosrú
- Cur in iúl
- Malartú
- Luacháil.

B'fhéidir go mbeadh daltaí ag feidhmiú ag leibhéil éagsúla sna Riachtanais éagsúla. Nuair a tharlaíonn seo, caithfear **trí cheann ar a laghad** de na Riachtanais a mheasúnú **ag an leibhéal** atá le bronnadh nó **ag an leibhéal os a chionn**, mar a léirítear sna samplaí thíos.

	Dalta A	Dalta B
Fiosrú	Leibhéal 5	Leibhéal 4
Cur in iúl	Leibhéal 6	Leibhéal 5
Malartú	Leibhéal 4	Leibhéal 4
Luacháil	Leibhéal 5	Leibhéal 4
Taispeáint	Ní gá fianaise a chur isteach maidir le 'Taispeáint' in Úsáid TFC, mar bíonn sé le feiceáil más rud é gur shábháil siad an obair le comhadainmneacha fóirsteanacha.	
Leibhéal Foriomlán a Bronnadh	Leibhéal 5	Leibhéal 5

Dul Chun Cinn a Mheasúnú i mBlianta 8 agus 9

Mar atá amhlaidh le Bliain 10, ba chóir duit dul chun cinn gach dalta a mheasúnú i mBlianta 8, 9 agus 10 bunaithe ar eolas ar an dóigh ar éirigh leis an dalta i gcomhthéacsanna éagsúla agus thar thréimhse ama.

Sa dóigh go mbeidh léiriú cruinn ar fheidhmíocht an dalta sna measúnuithe i mBliain 10, ba chóir go mbeadh taithí ag na daltaí ar ghníomhaíochtaí den chineál chéanna i mBlianta 8 agus 9. Is féidir go gcuideoidh na Tascanna Measúnaithe atá faofa ag CCEA leis na múinteoirí agus iad ag comhaontú ar na caighdeáin taobh istigh den scoil, chomh maith leis na gnéithe i bpíosa oibre a léiríonn leibhéal áirithe.

2.4 Torthaí a Thuairisciú

Iarrtar ar an scoil comhad idirmhalartú leictreonach sonraí (EDI) a chur chuig CCEA trí C2k, ar a n-áirítear:

- sonraí maidir le daltaí Bhliain 10; agus
- na leibhéil a bhronn na múinteoirí ar gach dalta sa **Chumarsáid**, in **Úsáid na Matamaitice** agus in **Úsáid TFC**.

Caithfidh múinteoirí eolas a **thuairisciú** do thuismitheoirí/chaomhnóirí dhaltaí Bhliain 8, 9 agus 10 faoin 30 Meitheamh gach bliain:

- Do dhaltaí i mBliain 10, caithfidh múinteoirí an **leibhéal** atá bainte amach ag gach dalta i ngach Scil Traschuraclaim a thuairisciú le tagairt do na Leibhéil de Dhul Chun Cinn.
- Do dhaltaí i mBlianta 8 agus 9, caithfidh múinteoirí tuairisciú ar gach Scil Traschuraclaim le tagairt do na Leibhéil de Dhul Chun Cinn. Ní gá an leibhéal a thabhairt.

Ba chóir go mbeadh an t-eolas atá de dhíth ag na Rialacháin Oideachais (Tuairisciú Dalta), 2009 sa tuairisc chomh maith.

2.5 Gníomhaíochtaí Measúnaithe

Mórpoinnte

Nuair atá cinneadh á dhéanamh ag múinteoirí ar an leibhéal ag a bhfuil an dalta ag obair, ba chóir dóibh réimse fianaise ó **gach** gníomhaíocht mheasúnaithe fhóirsteanach a chur san áireamh.

Beidh gníomhaíochtaí measúnaithe scoilbhunaithe mar chuid den obair ranga leanúnach agus is féidir le tascanna measúnaithe a bheith ina measc (Tascanna Measúnaithe atá faofa ag CCEA/Tascanna Measúnaithe Eiseamláire nó gníomhaíochtaí eile).

Cibé cineál gníomhaíocht mheasúnaithe atá i gceist le gach ceann acu, beidh ort í a phleanáil go maith lena chinntiú go bhfuil sí bailí:

- agus go lígeann sí duit measúnú a dhéanamh ar na critéir bheartaithe; agus
- go gcuireann sí ar chumas na ndaltaí na critéir atá á measúnú a léiriú.

Ba chóir duit gníomhaíochtaí measúnaithe a úsáid le fianaise a bhailiú de dhul chun cinn na ndaltaí **i ndiaidh** an teagaisc agus na foghlama; cuireann siad toradh suimitheach ar fáil leis an dul chun cinn atá déanta ag gach dalta a thomhas ag pointe ama (cé go dtig leo faisnéis fhoirmitheach a chur ar fáil duit fosta a dtig leat a chur i bhfeidhm san fhoghlaim agus sa teagasc amach anseo).

Nuair a dhéantar breithiúnais faoin mheasúnú, ba chóir go mbeadh múinteoirí muiníneach gurbh é an dalta sin féin a rinne an obair atá luaite leo.

Ba chóir na pointí seo a chur san áireamh agus gníomhaíocht measúnaithe á dhéanamh ag na daltaí:

- an deis a n-inniúlacht féin a léiriú sa Scil Traschuraclaim atá á measúnú, fiú agus iad ag obair i ngrúpaí;
- go leor ama a bheith acu an tasc a chur i gcrích; agus
- tacaíocht agus/nó struchtúir a thabhairt atá ag teacht leis an Leibhéal de Dhul Chun Cinn ag a bhfuil siad ag obair.

2.6 Tascanna Measúnaithe

Ba chóir go mbeadh na Tascanna Measúnaithe ag tacú le breithiúnais an mhúinteora ar an leibhéal ag a bhfuil gach dalta ag obair.

Agus múinteoirí ag déanamh measúnaithe, úsáideann siad réimse de ghníomhaíochtaí measúnaithe. Maidir leis na tascanna atá faofa ag CCEA, rinneadh cinnte de go ligeann gach tasc do na daltaí feidhmiú ag na leibhéil a roghnaigh an múinteoir. Tagann na tascanna seo ón ghnáthobair ranga agus is féidir le múinteoirí iad a úsáid mar aon le gníomhaíochtaí measúnaithe eile.

Is féidir le múinteoirí úsáid a bhaint as:

- Tascanna Measúnaithe **faofa** a chum siad dá gcuid daltaí féin – caithfear tascanna a fhaomhadh roimh ré trí Chóras Tacaíochta do Thascanna CCEA; agus/nó
- Tascanna Measúnaithe **eiseamláire** – tá líon teoranta tascanna curtha ar fáil againn don Chumarsáid, d' Úsáid na Matamaitice agus d'Úsáid TFC le húsáid le daltaí in Eochairchéim 3.

Córas Tacaíochta do Thascanna Measúnaithe CCEA

Tá [córas ar líne](#) ann a chuireann ar chumas scoileanna Tascanna Measúnaithe dá gcuid féin a dhearadh agus iad seo a chur isteach chuig an fhoireann athbhreithnithe múinteoirí teagaisc, a dhéanfaidh seiceáil go ligeann gach tasc do na daltaí feidhmiú ag na leibhéil a roghnaigh an múinteoir. Dearaíodh an córas le tacú le teagasc agus le foghlaim d'ardchaighdeán agus is féidir é a úsáid lasmuigh de na socruithe measúnaithe reachtúla.

Le tasc a fhorbairt agus a chur isteach, is féidir leat úsáid a bhaint as an Chóras Tacaíocht do Thascanna don Chumarsáid, d'Úsáid na Matamaitice agus d'Úsáid TFC (ar fáil ag www.ccea.org.uk)

Tugtar faoi deara nach riachtanas é don mhodhnóireacht Tasc Measúnaithe atá faofa ag CCEA/Tasc Measúnaithe Eiseamláire a chur san áireamh sna hiontrálacha scoile don mhodhnóireacht (féach Cuid 3).

Tascanna Measúnaithe Eiseamláire

Tá na Tascanna Measúnaithe eiseamláire ar fáil ar líne ag www.ccea.org.uk (gabh chuig an [Diolaim Tascanna agus Eiseamláire, Eochairchéim 3](#)) agus cuireann siad samplaí de ghnáth-thascanna ar fáil. Is féidir leat na tascanna seo a úsáid mar chuid den fhianaise don mhodhnóireacht.

2.7 CCanna: An Chumarsáid, Úsáid na Matamaitice agus Úsáid TFC

Baineann na ceistanna agus na freagraí seo a leanas go sainiúil leis na Scileanna Traschuraclaim éagsúla.

An Chumarsáid

An dtig le daltaí a bhfreagairt ar Thasc Measúnaithe a athdhréachtú?

I dtasc Scríbhneoireachta, is féidir le daltaí an obair a athdhréachtú:

- nuair atá sé fóirsteanach do nádúr na gníomhaíochta; **agus**
- más rud é gur roghnaigh tú measúnú a dhéanamh ar an Riachtanas 'labhairt ar obair, í a phleanáil agus a chur in eagar' mar cheann de na critéir mheasúnaithe.

Ba chóir go mbeadh do chuid aiseolais ar an chéad dréacht foirmitheach agus fóirsteanach do leibhéal an dalta; ba chóir obair a athdhréachtú le neamhspleáchas atá ag méadú ag Leibhéal 5, 6 agus 7. Má tá tú ag cur isteach tasc a bhfuil athdhréachtú ann mar chuid d'iontráil don mhodhnóireacht, iarrtar ort a chinntiú go bhfuil an dá dhréacht istigh ann.

Níor chóir do dhaltaí tascanna nó gníomhaíochtaí Léitheoireachta a athdhréachtú.

Cá mhéad treorach agus struchtúir a thig liom a thabhairt do na daltaí?

Tá sé seo ag brath ar an Leibhéal de Dhul Chun Cinn ag a bhfuil an dalta ag obair (féach, mar shampla, an méid atá thuas maidir leis an athdhréachtú ag leibhéal níos airde). I measc na tacaíochta a d'fhéadfadh a bheith fóirsteanach don leibhéal, bheadh stóir focal, frámaí scríbhneoireachta agus tús abairtí ag Leibhéal 1 agus 2.

Cé chomh tábhachtach atá litriú, poncaíocht agus gramadach agus dalta á mheasúnú?

Nuair a dhéanann tú scileanna dalta a mheasúnú sa Scríbhneoireacht, caithfidh tú an Riachtanas 'scríobh le cruinneas agus le hoilteacht atá ag méadú' a chur san áireamh. I ngníomhaíocht nó i dtasc measúnaithe atá dírithe ar an Léitheoireacht, ní gá duit cruinneas sa litriú, sa phoncaíocht ná sa ghramadach a chur san áireamh.

An bhfuil cead ag daltaí bogearra próiseáil focal amhail Microsoft Word a úsáid le freagairt a scríobh?

Tá. Is féidir freagairtí a dhéanamh le próiseáil focal nó de láimh. Is féidir leat ceachtar den dá chineál oibre a chur isteach san iontráil don mhodhnóireacht nó an dá chineál (féach Cuid 3). Mar atá amhlaidh le gach gníomhaíocht mheasúnaithe, ba chóir duit a chinntiú go mbeadh deis ag na daltaí na critéir mheasúnaithe a léiriú.

An bhfuil cead ag daltaí foclóirí agus stórchistí a úsáid agus iad ag tabhairt faoi gníomhaíochtaí agus tascanna measúnaithe?

Tá. Má tá TFC in úsáid acu, ní gá duit na seiceálacha leictreonacha litrithe nó gramadaí a dhíchumasú.

An féidir le léitheoir cuidiú le dalta le linn Tasc Measúnaithe don Léitheoireacht?

Ní féidir léitheoir a úsáid i dtascanna Léitheoireachta.

Úsáid na Matamaitice

Cá mhéad treorach agus struchtúir a thig liom a thabhairt do na daltaí?

Tá sé seo ag brath ar an Leibhéal de Dhul Chun Cinn ag a bhfuil an dalta ag obair (mar atá luaite sna ráitis chomhthéacs do gach leibhéal):

- Ag Leibhéal 1, 2 agus 3, is féidir leideanna agus teimpléid chuí a thabhairt do dhaltaí, agus is féidir leo bheith páirteach i bplé faoi threoir an mhúinteora.
- Ag Leibhéal 4 agus 5, táthar ag dúil le go léireoidh daltaí níos mó cumais leis an mhatamaitic atá de dhíth a aithint agus a shainaithint.
- Ag Leibhéal 6 agus 7, táthar ag dúil le daltaí bheith ábalta an fáth ar roghnaigh siad cur chuige áirithe a mhíniú agus fáthanna a thabhairt leis an rogha sin.

An gcaithfidh daltaí a gcuid oibre a thaispeáint?

Caithfidh daltaí fianaise a léiriú gur chomhlíon siad na Riachtanais d'Úsáid na Matamaitice. Tá tagairt sna Leibhéil de Dhul Chun Cinn do theicnící, nodaireacht agus straitéisí fadhbréitigh na matamaitice, chomh maith le tagairt d'obair a chur in eagar agus d'athbhreithniú a dhéanamh uirthi. Ba chóir go mbeadh fianaise in obair na ndaltaí a léiríonn go bhfuil seo déanta acu. Is féidir leis sin a bheith úsáideach don mhodhnóireacht sheachtrach.

An féidir le daltaí úsáid a bhaint as bogearraí amháil Microsoft Excel le cairt nó graf a dhéanamh?

Is féidir. Más amhlaidh go gcomhlíonann siad na critéir mheasúnaithe atá leagtha amach agat don tasc. Déantar tagairt sna Riachtanais taobh istigh de na Leibhéil de Dhul Chun Cinn d'fhaisnéis a chur i láthair go cruinn, úsáid léaráidí matamaitice san áireamh. Ag brath ar an leibhéal agus ar an chairt/ghraf, táthar ag dúil le go roghnóidh daltaí a gcuid modhanna féin leis an fhaisnéis a chur i láthair, aiseanna agus lipéid san áireamh. Caithfear graif a dhéanamh go soiléir, beacht agus iad a bheith ag teacht leis na leibhéil.

An féidir le daltaí áireamhán a úsáid le fadhbanna a réiteach?

Is féidir áireamhán a úsáid le rudai éagsúla a dhéanamh:

- Má úsáideann daltaí áireamhán le háirimh a dhéanamh, ba chóir dóibh a bheith ábalta na modhanna agus na teicnící a léiriú chomh maith, leis an dóigh ar chomhlíon siad Riachtanais áirithe a léiriú.
- Má bhaineann siad úsáid as áireamhán lena gcuid áireamh a chinntiú agus a sheiceáil, bheadh sé úsáideach nóta gairid a chur isteach leis seo a chur in iúl (mar fhianaise don mhodhnóireacht sheachtrach – féach Cuid 3).

An féidir le daltaí a gcóipleabhair, nó ábhar léitheoireachta eile, a úsáid mar fhoinsé thagartha?

Is féidir. Ní scrúduithe foirmiúla iad na gníomhaíochtaí nó na tascanna measúnaithe. Is féidir le daltaí tagairt a dhéanamh d'aiseanna eile, mar shampla le foirmli a sheiceáil. Tabhair do d'aire gur chóir do dhaltaí ag leibhéal níos airde a bheith ábalta an mhatamaitic a shainaithint a bheidh de dhíth orthu sula ndéanann siad tagairt d'aiseanna eile.

An féidir scríobhaí agus/nó léitheoir a úsáid le cuidiú le dalta le linn Tasc Measúnaithe?

Is féidir. Ba chóir duit a chinntiú go bhfuil teacht ag gach dalta ar an tasc; níor chóir go gcuirfeadh deacrachtaí le léitheoireacht agus/nó le scríbhneoireacht bac ar dhaltaí a n-inniúlacht a léiriú in Úsáid na Matamaitice.

An féidir liom seanscrúduithe Matamaitice Eochairchéim 3 a úsáid le húsáid na Matamaitice a mheasúnú?

Ní féidir. Ní chuirfeadh siad seo deiseanna fóirsteanacha ar fáil leis na Riachtanais d'Úsáid na Matamaitice a mheasúnú ná cumas na ndaltaí a gcuid eolais agus tuisceana a úsáid sa chomhthéacs ceart.

An féidir liom ceist a úsáid ó théacsleabhar le measúnú a dhéanamh ar Úsáid na Matamaitice?

Is féidir. Beidh sé seo ceart go leor má:

- ligean an cheist duit measúnú a dhéanamh ar dhá cheann ar a laghad de na Riachtanais d'Úsáid na Matamaitice; agus
- tá comhthéacs cúí sa cheist a ligean do dhaltaí an dóigh a n-úsáideann siad a gcuid eolais agus tuisceana a léiriú.

Agus sin ráite, ní bheadh cleachtadh nach ndéanann measúnú ach ar eolas agus tuiscint an dalta fóirsteanach.

Úsáid TFC

Cá mhéad treorach agus struchtúir a thig liom a thabhairt do na daltaí?

Tá sé seo ag brath ar an leibhéal ag a bhfuil an dalta ag obair (mar atá luaite sna Leibhéal de Dhul Chun Cinn):

- Ag Leibhéal 1, 2 agus 3, tugann an múinteoir foinsí eolais, íomhánna agus fuaimeanna agus cuidíonn siad leo trí leideanna a thabhairt agus na daltaí ag labhairt faoin obair, ag déanamh athruithe agus ag sábháil a gcuid oibre.
- Ag Leibhéal 4 ar aghaidh, táthar ag dúil le go léireoidh daltaí na scileanna le neamhspleáchas agus le tuiscint atá ag méadú.

Cé chomh tábhachtach atá litriú, poncaíocht agus gramadach agus dalta á mheasúnú in Úsáid TFC?

Beidh tionchar ag litriú, poncaíocht agus gramadach ar mheasúnú a dhéanamh ar Úsáid TFC, mar gheall go gcaithfidh an dalta aird a thabhairt ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir. Mar shampla, má tá dalta ag dearadh suíomh idirlín do ghrúpa pobail áitiúil nó le táirge nua a chur chun cinn d'infheisteoir féideartha, tá sé tábhachtach go ndéanann siad cumarsáid go héifeachtach. Ba chóir do mhúinteoirí litearthacht a chur chun cinn agus na daltaí a spreagadh le hathbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid oibre ar mhaithe le cruinneas.

An dtig le daltaí a bhfreagairt ar gníomhaíocht nó tasc measúnaithe a athdhreachtú?

Thig. Bíonn muid ag dúil go ndéanfaidh daltaí a gcuid oibre a athdhreachtú mar chuid de na feabhsuithe leanúnacha a dhéanann siad. Ag na leibhéal níos airde áfach níor choir dóibh ach an treoir is lú is féidir a fháil ón mhúinteoir. Ní gá na dreachtaí/leaganacha ar fad a chur isteach don mhodhnóireacht sheachtrach.

An dtig liom níos mó ná tasc amháin measúnaithe Úsáid TFC de chuid CCEA a úsáid le mo chuid daltaí?

Thig. Is féidir gur tascanna measúnaithe de chuid CCEA iad gach sampla atá san iontráil.

An dtig leis na daltaí a bheith ag obair i ngrúpaí agus iad ag déanamh gníomhaíochtaí nó tascanna measúnaithe?

Beidh sin ag brath ar chomhthéacs na gníomhaíochta agus/nó an leibhéal ag a bhfuil na daltaí ag obair. Bheadh sé níos fóirsteanáí bheith ag obair i ngrúpaí i ngníomhaíochtaí a bhaineann le hÍomhánna Gluaisteacha nó Beochaintí mar gheall nach mbeifeá ag dúil go mbeadh siad ag obair leo féin ar an script, an scannánú agus an eagarthóireacht. In amanna eile, mar shampla má bhíonn dalta ag obair le scarbhileog, bheadh sé níos fóirsteanáí go mbeadh siad ag obair leo féin. Maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le Taispeáint, bheadh obair ghrúpa riachtanach. Ba chóir do mhúinteoir an dóigh is fóirsteanáí a roghnú i gcónaí. Bheadh sin ag brath ar na crua-earraí agus na hacmhainní atá ar fáil sa scoil.

Má tá múinteoirí ag baint úsáid as gníomhaíocht le hinniúlacht an dalta a mheas, agus an dalta sin ag obair i ngrúpa, ba chóir an breithiúnas a bhunú ar an inniúlacht a léirigh an dalta sin.

An dtig leis na daltaí na gníomhaíochtaí Úsáid TFC a dhéanamh taobh amuigh de na ranganna?

Le go mbeidh gníomhaíochtaí a bhaineann le Malartú fiúntach, ba chóir d'ionchur an dalta forbairt thar tréimhse ama, le go dtarlóidh siad agus daltaí ag obair fada ar shiúl óna chéile. Is féidir le daltaí cur le gníomhaíocht a bhaineann le Malartú ar líne a dhéanamh thar cúpla seachtain, ag postáil sa rang, ar scoil (taobh amuigh de na ranganna) agus sa bhaile.

An dtig leis na daltaí úsáid a bhaint as táibléid le gníomhaíochtaí measúnaithe Úsáid TFC a dhéanamh?

Thig. Déan teagmhail linn, le do thoil, más mian leat a chinntiú go bhfuil aipeanna ar leith fóirsteanach don mheasúnú. Má tá tú ag cur obair dhalta a bhaineann le táibléid chugainn don mhodhnóireacht, ba chóir na rudaí seo a leanas a sheoladh:

- An comhad tionscadail nó seát scáileáin de chomhad tionscadail atá oscailte i bhformáid chomhaid dhúchais; agus
- Leagan a shábháil i bhformáid is féidir a oscailt le gnáth-bhogearraí ar nós *media player* (is féidir sin a sheiceáil trí hiarmhíreanna comhadainm a chur leis ar nós .jpeg, más gá).

Tabhair do d'aire: Má úsáideann dalta aip le hobair a dhéanamh, is féidir go mbeadh ar an mhúinteoir sin a easpórtáil ón tháibléad le ríomhphost (nó ar bhealach eile) agus é a athrú chuig formáid inroinnte sula gcuirfear isteach don mhodhnóireacht í. Mura bhfuil an comhad tionscadail ar fáil (mar shampla an obair a rinneadh sular aistriodh scannán nó tionscadal fuaime nó ceoil go MP3) is féidir leis an mhúinteoir seat scáileáin a chur isteach agus an obair ag dul ar aghaidh. Thiocfadh le múinteoir seat scáileáin a úsáid le sraitheanna nó leasuithe a léiriú in aip, nó leis na rianta éagsúla a léiriú in aip cheoil.

2.8 Caighdeánú Inmheánach

Mórphointe

Ba chóir do mhúinteoirí tuiscint shoiléir a bhaint amach ar na caighdeáin atá i ngach gníomhaíocht measúnaithe trí chaighdeánú inmheánach.

Tá caighdeánú inmheánach riachtanach lena chinntiú go bhfuil measúnú na múinteoirí sna scoileanna comhsheasmhach. Is cuid thábhachtach den phróiseas fhoriomlán modhnóireachta é fosta.

Ba chóir do scoileanna caighdeán inmheánach a dhéanamh ar bhonn rialta trasna Eochairchéim 3 do gach ceann de na Scileanna Traschuraclaim. Cuidíonn an plé gairmiúil go mór le comhthuiscint ar chaighdeáin agus dul chun cinn maidir leis na leibhéil a fhorbairt.

Oiread agus is féidir:

- cinntíonn **caighdeánú inmheánach** go bhfuil tuairim mhúinteora amháin ar aon dul le tuairim na múinteoirí eile sa scoil, maidir le leibhéal 4, mar shampla; agus
- cinntíonn **modhnóireacht sheachtrach** go mbronnfadh gach scoil i dTuaisceart Éireann Leibhéal 4 ar obair a mheasann scoil ar leith a bheith ag Leibhéal 4, mar shampla.

Déantar caighdeánú inmheánach agus modhnóireacht lena chinntiú go bhfuil an córas measúnaithe níos éifeachtaí agus níos iontaofa. Cinntíonn siad seo luach na Leibhéil de Dhul Chun Cinn maidir le dul chun cinn an dalta aonair a mheasúnú. Is féidir le múinteoirí a bheith muiníneach astu de réir mar a bhogann daltaí idir ranganna agus idir scoileanna.

Ba chóir go mbeadh deis ag múinteoirí bheith páirteach i gcruinnithe caighdeánaithe inmheánaigh sula mbronnann siad leibhéil ag deireadh na hEochairchéime. Ba chóir go léireodh na caighdeáin a n-aontaítear orthu ag na cruinnithe seo, na leibhéil sin a socráitear orthu ag na himeachtaí leis na caighdeáin a shocrú. Ba chóir do mhúinteoirí na caighdeáin chéanna a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar na breithiúnais mheasúnaithe ar fad a dhéanann siad, agus ba chóir é seo a léiriú san fhianaise uilig a chuireann siad isteach don mhodhnóireacht sheachtrach.

Mar chuid de na riachtanais taobh istigh den Modhnóireacht, ba chóir **Dearbhú Caighdeánaithe Inmheánaigh** a chur isteach (foirm **EMA1**), comhlánaithe agus sínithe ag an Phríomhoide. Is é atá i gceist leis seo ná deimhniú go léiríonn na caighdeáin san iontráil scoile na caighdeáin a aontaíodh idir na ranna agus taobh istigh de na ranna sa scoil.

Is féidir le scoileanna cinneadh a dhéanamh maidir le líon na gcruinnithe caighdeánú inmheánach a dhéantar gach bliain. B'fhéidir go mbeadh sé seo ag brath ar:

- an am atá ar fáil;
- líon na múinteoirí agus na ranna a bheidh páirteach ann;
- réimse ghnóthachtail na ndaltaí taobh istigh de bhliainghrúpa nó d'Eochairchéim; agus
- líon na samplaí d'obair na ndaltaí a gcaithfear athbhreithniú a dhéanamh orthu sula mbeidh comhaontú ann maidir le caighdeáin.

Féach Aguisín 1 le tuilleadh sonraí a fháil ar chaighdeánú inmheánach, lena n-áirítear treoir ar phróiseas a chur ar bun sa scoil agus cruinnithe caighdeánaithe a eagrú.

Caighdeánú Inmheánach agus Iontrálacha Scoile

Is féidir an fhianaise a úsáidtear le teacht ar chomhaontú go himmheánach sna scoileanna (i.e. don chaighdeánú inmheánach) a chur san iontráil scoile don mhodhnóireacht. Ar an ábhar sin, b'fhéidir go mbeadh sé úsáideach ag an scoil úsáid a bhaint as **Leathán Cumhdaigh Iontráil Scoile** (foirm **EMA6**) mar chuid den chaighdeánú inmheánach. Ansin, is féidir leat na foirmeacha céanna a chur isteach leis an iontráil scoile.

Cuid 3

Modhnóireacht

3.1 Próiseas na Modhnóireachta

Mórpoinnte

Déanfar modhnóireacht sheachtrach ar mheasúnú múinteora ar an Chumarsáid, ar Úsáid na Matamaitice agus ar Úsáid TFC ag Eochairchéim 3. Chuir muid scoileanna ar an eolas cheana féin faoin scil ar a ndéanfar measúnú.

Is é is cuspóir leis an mhodhnóireacht, tacú leis an chaighdeánú atá déanta ag an scoil agus leis an tuiscint ar na Leibhéal de Dhul Chun Cinn (taobh istigh den scoil agus idir scoileanna). Déantar sin trí dhearbhu do scoileanna agus do pháirtithe eile san oideachas go bhfuil na caighdeáin atá á gcur i bhfeidhm ag scoileanna sa mheasúnú múinteora beacht. Is é a bheidh i gceist le modhnóireacht ar na Scileanna Traschuraclaim, athbhreithniú a dhéanamh ar shamplaí d'obair na ndaltaí taobh istigh de hiontrálacha comhaontaithe scoile. Glactar leis gur tharla caighdeánú inmheánach faoin am seo (féach 2.8).

3.2 Modhnóireacht: Iontrálacha Scoile

I ndiaidh don scoil caighdeánú inmheánach a dhéanamh, ba chóir don scoil iontráil scoile d'fhianaise a chur ar fáil a léireoidh:

- an réimse leibhéal atá beartaithe ag an scoil a thuairisciú (nó ar dhócha go dtuairisceoidh an scoil) don Scil Traschuraclaim ar a bhfuil modhnóireacht á déanamh; agus
- na caighdeáin ar aontaíodh orthu taobh istigh den scoil.

3.3 Ábhar le Cur Isteach in Iontrálacha Scoile

Cuirfidh muid lipéid agus clúdaigh litreach amach, le cuidiú leis an scoil na hábhair atá le cur isteach a ullmhú.

Ba chóir go mbeadh cur síos gairid ar an ghníomhaíocht mheasúnaithe ar an **Leathán Cumhdaigh Iontráil Scoile** amháin (foirm **EMA6**). Sa dóigh go mbeidh sé soiléir ag an mhodhnóireacht, is féidir an comhthéacs, an cuidiú a tugadh agus faisnéis ábhartha eile a chur san áireamh.

Tugtar faoi deara **nach** mbeidh samplaí oibre ag **Leibhéal 1** de dhíth sna hiontrálacha scoile don Chumarsáid, d'Úsáid na Matamaitice ná d'Úsáid TFC.

An Chumarsáid

Caithfear **Leathán Cumhdaigh Iontráil Scoile (EMA6C)** a chur le gach leibhéal san iontráil don Ghaeilge agus don Bhéarla. Beidh an fhoirm seo ar fáil go leictreonach ag www.ccea.org.uk

Caithfidh gach iontráil scoile don Chumarsáid na rudaí seo a leanas a bheith inti, **ag gach leibhéal** atá beartaithe ag an scoil a thuairisciú:

- **sé phíosa** oibre san iomlán (is féidir Tascanna Measúnaithe atá faofa ag CCEA/Tascanna Measúnaithe Eiseamláire a chur san áireamh);
- trí shampla Léitheoireachta agus trí shampla Scríbhneoireachta; agus
- samplaí a bhaineann le comhthéacsanna éagsúla sa Léitheoireacht agus sa Scríbhneoireacht.

Mar shampla, má tá sé beartaithe ag scoil áirithe Leibhéal 4, 5 agus 6 a thuairisciú, ba chóir go mbeadh 18 sampla oibre san iomlán san iontráil: sé shampla ag gach ceann de na trí leibhéal atá le tuairisciú.

Nótaí ar Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt

Ní chaithfidh scoileanna **fianaise** a chur isteach don Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt (ná Talking and Listening sa Bhéarla) mar chuid den Mhodhnóireacht. Bíodh sin mar atá, **caithfidh tú measúnú** a dhéanamh ar dhul chun cinn an dalta san Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt le teacht ar leibhéal foriomlán Cumarsáide do gach dalta i mBliain 10 (féach 2.3), agus ba chóir go mbeadh sé mar chuid de phróiseas chaighdeánú inmheánach na scoile. Tá tacaíocht ar fáil d'iarbhunscoileanna ar Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt i mbliana. Má bhíonn ceisteanna ar bith agat, bain úsáid as na sonraí i gCuid 5 le teagmháil a dhéanamh linn.

Úsáid na Matamaitice

Caithfear **Leathán Cumhdaigh Iontráil Scoile** amháin (**EMA6M**) a chur le gach baic samplaí a chuirtear isteach. Beidh an fhoirm seo ar fáil go leictreonach ag www.ccea.org.uk

Caithfidh gach iontráil scoile d'Úsáid na Matamaitice na rudaí seo a leanas a bheith inti, **ag gach leibhéal** atá beartaithe ag an scoil a thuairisciú:

- **trí shampla** oibre san iomlán (is féidir Tascanna Measúnaithe atá faofa ag CCEA/Tascanna Measúnaithe Eiseamláire a chur san áireamh); agus
- samplaí a léiríonn leithead trasna na Riachtanas agus na dtrí ghné d'Eolas agus Tuiscint (Uimhreas agus Ailgéabar; Cruth, Spás agus Tomhais; agus Láimhseáil Sonraí).

Mar shampla, má tá sé beartaithe ag scoil áirithe Leibhéal 4, 5 agus 6 a thuairisciú, ba chóir go mbeadh naoi sampla oibre san iomlán san iontráil: trí shampla ag gach ceann de na trí leibhéal atá le tuairisciú.

Úsáid TFC

Caithfear iontráil scoile amháin a chur isteach bunaithe ar na leibhéal atá beartaithe ag an scoil a thuirisciú. Caithfear na comhaid ar fad a chur ar fáil go leictreonach. Ní ghlacfar le cóipeanna crua don mhodhnóireacht. Caithfear **Leathán Cumhdaigh Iontráil Scoile (EMA6iS)** a líonadh agus a chur chugainn sa phost sa chlúdach a chuirfear ar fáil.

Caithfidh gach iontráil scoile d'Úsáid TFC na rudaí seo a leanas a bheith inti, **ag gach leibhéal** atá beartaithe ag an scoil a thuirisciú:

- **cúig phíosa** oibre san iomlán (is féidir Tascanna Measúnaithe atá faofa ag CCEA/Tascanna Measúnaithe Eiseamláire a chur san áireamh); agus
- fianaise a bheith ann a bhaineann le Fiosrú, Cur in iúl, Malartú agus Luacháil; agus
- samplaí oibre a chur san áireamh a léiríonn réimse leathan taithí ar Úsáid TFC (cineálacha éagsúla bogearraí i gcomhthéacs na Réimsí éagsúla Foghlama).

An dóigh le hIontrálacha Úsáid TFC a chur isteach don Mhodhnóireacht

Tá dhá rogha ar fáil. Is féidir le scoileanna:

- na comhaid leictreonacha a chur chuig CCEA ar DVD nó CD sa chlúdach a chuirfear ar fáil.
- rochtain shealadach a thabhairt do mhodhnóirí CCEA d'obair leictreonach na ndaltaí ar Fronter nó ar TFF na scoile (cuir ainm úsáideora agus pasfhocal sealadach ar fáil go dtí deireadh mhí Aibreáin le do thoil).

3.4 Nótaí a Chur le hObair na nDaltaí

Is féidir cur síos a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí a rinne na daltaí ar na Leathán Cumhdaigh Iontráil Scoile (foirm **EMA6**); is féidir comhthéacs, an cuidiú a tugadh agus faisnéis ábhartha eile a chur san áireamh. Má úsáidtear na foirmeacha seo, ní bheidh oiread nótaí de dhíth ar obair an dalta.

I roinnt cásanna eisceachtúla, b'fhéidir gur mhaith leat nótaí a chur le sampla oibre lena shoiléiriú cad chuige ar bhronn tú leibhéal áirithe air. (Ní chaithfidh tú gach céim a dhéantar a chosaint, cur síos a dhéanamh uirthi nó í a mhíniú.)

Is féidir nótaí tráchta a chur le hobair an dalta le sonraí breise, mar shampla, más rud é gur tugadh leideanna don dalta nó go raibh plé suntasach idir an múinteoir agus an dalta a raibh tionchar aige ar an toradh. Más amhlaidh go bhfuil córas nó cód forbartha ag an scoil do na nótaí tráchta seo, a dhéanann tagairt do na Leibhéal de Dhul Chun Cinn, iarrtar ort sonraí a chur isteach.

Is féidir leat obair a chur isteach atá marcáilte agat cheana féin ar chúis eile, mar mheasúnú leanúnach.

3.5 Cinntiú go bhfuil gach rud san Iontráil

Iarrtar ort a chinntiú go gcomhlíonann na hiontrálacha a chuireann do scoil isteach don mhodhnóireacht sheachtrach na riachtanais uilig atá sonraithe sa chuid seo. Molann muid do mhúinteoirí an spreagthach don tasc le gach sampla oibre a chuirtear isteach. Sa dóigh seo, feiceann na modhnóirí an rud a iarradh ar an dalta a dhéanamh, chomh maith leis an struchtúr a tugadh dóibh. Mura bhfuil gach rud san iontráil (mar shampla, má tá sampla d'obair dhalta ar iarraidh), ní dócha go mbeidh muid ábalta an iontráil ná na leibhéal atá beartaithe ag an scoil a thuirisciú nó atá tuairiscithe aici a dheimhniú.

De ghnáth, más amhlaidh nach féidir le modhnóirí breithiúnais mheasúnaithe scoile a dheimhniú bunaithe ar an fianaise a cuireadh isteach, cuirfear seo in iúl don scoil i bpróiseas aiseolas na modhnóireachta.

3.6 Aiseolas ar an Mhodhnóireacht

Mórpoinnte

Gheobhaidh gach scoil aiseolas scríofa i ndiaidh na Modhnóireachta.

Léireoidh an t-aiseolas a chuirfear ar fáil i ndiaidh na Modhnóireachta ceann acu seo:

- gur deimhníodh na caighdeáin san iontráil scoile; nó
- nár deimhníodh na caighdeáin san iontráil scoile.

3.7 Modhnóireacht Leantach

Má léiríonn an t-aiseolas **nár deimhníodh na caighdeáin san iontráil scoile**, déanfaidh an fhoireann mhodhnóireachta tacaíocht bhreise a thairiscint.

Más gá, socróidh muid cuairt ó mhodhnóir leis an aiseolas a phlé agus le tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil.

Cuid 4

Daltaí a bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu a Mheasúnú

Cuireann an ráiteas rochtana thíos treoir úsáideach ar fáil maidir le gníomhaíochtaí agus tascanna measúnaithe a phleanáil agus a bhainistiú do dhaltaí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu.

Comhionannas Deiseanna agus Rochtain a Chur ar Fáil do Gach Duine

Tá an fhreagracht ar scoileanna curaclam leathan cothrom a chur ar fáil do gach páiste agus ba chóir go mbeadh sé d'aidhm acu an deis a thabhairt do gach dalta rath a bheith ar a gcuid foghlama agus caighdeán chomh hard agus is féidir a bhaint amach.

Agus iad ag plleanáil gníomhaíochtaí curaclaim agus measúnaithe, ba chóir do mhúinteoirí a bheith ar an eolas faoi na riachtanais sa reachtaíocht comhionannais agus san Ordú um Shainriachtanais Oideachais agus Míchumais (SENDO) agus ba chóir go mbeadh ardionchais acu maidir le gach dalta, lena n-áirítear daltaí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu, a bhfuil míchumas orthu, daltaí as gach cineál cúlra shóisialta agus chultúrtha, daltaí de chuid grúpaí difriúla eitneacha, lucht taistil san áireamh, agus iad siúd as cúlraí éagsúla teanga.

Maidir le daltaí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu ba chóir go gcuirfeadh an teagasc san áireamh an cineál agus an méid deacrachta atá ag an dalta:

- Maidir le daltaí a bhfuil a ngnóthachtáil i bhfad níos ísle ná na leibhéil lena mbítear ag dúil ag Eochairchéim ar leith, beidh gá le difreálú tascanna agus ábhar a fhóireann d'aois agus do riachtanais an dalta.
- Maidir le daltaí a bhfuil a leibhéil ghnóthachtála i bhfad níos airde ná a mbítear ag dúil leis ag Eochairchéime ar leith, beidh ar mhúinteoirí obair fhóirsteanach a phleanáil lena ndúshlán a thabhairt trí leithead agus doimhneacht an staidéir a shíneadh i ngach réimse foghlama.

Agus tú ag plleanáil le freastal ar riachtanais gach dalta, beidh ort:

- cur chuige teagaisc a úsáid a fhóireann do stíleanna éagsúla foghlama;
- réimse de chur chuige eagrúcháin a úsáid, mar shampla suíomh, grúpáil nó obair aonair, lena chinntiú go ndéantar an freastal cuí ar riachtanais aonair;
- ábhar agus cur i láthair éagsúil a úsáid ionas go bhfuil siad ag cur le riachtanais
- foghlama daltaí ar leith;
- réimse gníomhaíochtaí agus comhthéacsanna a úsáid maidir le hobair agus réimse
- léirthuisintí agus torthaí a cheadú;
- go leor ama a thabhairt do pháistí le tascanna/gníomhaíochtaí a chur i gcrích;
- téacsanna agus ábhair inrochtana a úsáid a fhóireann d'aois agus do leibhéil foghlama na bpáistí;
- obair a phleanáil a dhaingníonn réimsí spéise agus éagsúlacht chultúrtha;
- luas na hoibre a phleanáil ionas go mbeidh deis ag gach páiste rath a bheith ar a gcuid foghlama;
- obair dhúshlánach a phleanáil dóibh siúd a bhfuil a gcumas agus a dtuiscint chun
- tosaigh ar a bpiarghrúpa;
- obair dhúshlánach a phleanáil dóibh siúd a bhfuil a gcumas agus a dtuiscint chun
- tosaigh ar a bpiarghrúpa;
- an rannpháirtíocht is iomláine agus is féidir a éascú do dhaltaí ar a bhfuil míchumais, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais mhíochaine orthu.

Tugann na ceisteanna agus na freagraí thíos treoir bhreise do mhúinteoirí daltaí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu. Chomh maith leis sin, gheobhaidh tú faisnéise ábhartha i gCodanna 2 agus 3, mar shampla, mionsonraí faoi bhogearraí ríomhaire a úsáid le freagairt a thabhairt ar Thasc Measúnaithe.

Cá mhéad tacaíochta a thig liom a thabhairt do dhaltaí a bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu?

Tá sé seo ag brath ar an Leibhéal de Dhul Chun Cinn ag a bhfuil an dalta ag obair; Féach Cuid 2 le tuilleadh sonraí a fháil. Ba chóir duit a léiriú go soiléir ar na samplaí oibre a chuireann tú isteach don mhodhnóireacht an áit ar tugadh tacaíocht don dalta (Féach Cuid 3.4).

Cad é an bhaint atá idir na Scileanna Réamhriachtanacha (Q-Scileanna) agus na Leibhéil de Dhul Chun Cinn do na Scileanna Traschuraclaim?

Is áis mheasúnaithe neamhreachtúil iad na Q-Scileanna do dhaltaí atá ag obair faoi bhun Leibhéal 1 de na Leibhéil de Dhul Chun Cinn. Bíonn siad ag tagairt do na riachtanais chéanna don Chumarsáid, d'Úsáid na Matamaitice agus d'Úsáid TFC leis na leibhéil den phríomhshruth. Le tuilleadh sonraí a fháil, féach *Prerequisite Skills (Q Skills): Building towards Level 1 of the Cross-Curricular Skills, Non-Statutory Guidance* (CCEA, 2012) atá ar fáil ag www.ccea.org.uk

An bhfuil riachtanas reachtúil ar bith ann dalta a mheasúnú a bhfuil ráiteas aige/aici a léiríonn go bhfuil 'meándheacrachtaí/ géardheacrachtaí foghlama' acu?

Tá na daltaí a bhfuil ráitis acu ina bhfuil aon tagairt do 'géardheacrachtaí foghlama', díolmhaithe ón mheasúnú reachtúil. Tugtar faoi deara gur chóir duit taifead a choinneáil de thoradh deireadh Eochairchéime do gach dalta atá díolmhaithe, mar shampla, 'E2' nó 'E4'. Féach Ciorclán Roinn an Oideachais (1990/45) (ar fáil ag www.deni.gov.uk) le tuilleadh faisnéise a fháil.

Féach ar *Eolas do Phríomhoidí maidir le Díolúintí ón Churaclam agus ón Mheasúnú Reachtúil (Information for Principals on Exemptions from Statutory Curriculum and Assessment)* sa rannán Measúnú Eochairchéim 3 ag www.ccea.org.uk

Cad é an ról atá ag ionad do sholáthar malartach oideachais sa mheasúnú reachtúil?

Má tá dalta ag freastal ar ionad do sholáthar malartach oideachais, ba chóir don ionad seo an dalta a mheasúnú sna Scileanna Traschuraclaim. Caithfidh cur chuige a bheith i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil cumarsáid éifeachtach maidir le measúnú an dalta idir an scoil a bhfuil an dalta cláraithe inti agus an t-ionad do sholáthar malartach. Ba chóir don scoil a bhfuil an dalta cláraithe inti an fhaisnéis riachtanach a thuairisciú don Roinn Oideachais, trí CCEA, faoin dáta riachtanach.

Cuid 5

Teagmhálacha Úsáideacha

Do cheisteanna faoi:	Iarrtar ort teagmháil a dhéanamh le:	
Riarú measúnaithe	Foireann Modhnóireachta agus Measúnaithe	Gary Black (028) 9026 1224 gblack@ccea.org.uk
Measúnú agus Modhnóireacht agus Tascanna Measúnaithe	Foireann Churaclaim agus Mheasúnaithe Eochairchéim 3	<p>Gaeloideachas Liam Dempsey (028) 9026 1200 folíne 2233 ldempsey@ccea.org.uk</p> <p>An Chumarsáid Roisin Radcliffe (028) 9026 1200 folíne 2195 rradcliffe@ccea.org.uk</p> <p>Úsáid na Matamaitice Gavin Graham (028) 9026 1200 folíne 2658 ggraham@ccea.org.uk</p> <p>Úsáid TFC Roisin Radcliffe (028) 9026 1200 folíne 2195 rradcliffe@ccea.org.uk</p>
Measúnú do dhaltáí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu Eochairchéim 3	Foireann Churaclaim agus Mheasúnaithe (Sainriachtanais)	Treasa Hawksford (028) 9026 1200 folíne 2619 thawksford@ccea.org.uk

Do cheisteanna faoi *Assessment Manager* agus SIMS.net, déan teagmháil le C2k ar 0870 6011 666.

Aguisín 1

Treoir maidir le Caighdeánú Inmheánach

Is féidir le caighdeánú inmheánach cur go mór le héifeachtacht agus le seasmhacht an chórais mheasúnaithe. Molann CCEA go láidir do gach scoil próiseas a bhunú don chaighdeánú inmheánach.

Más ag bunú próiseas nua nó ag déanamh athbhreithnithe ar na modhanna atá agat faoi láthair atá tú, tá súil againn go mbainfidh tú tairbhe as na moltaí sa treoir seo.

Cad is Caighdeánú Inmheánach ann?

Is próiseas comhoibríoch é an caighdeánú inmheánach. Sa phróiseas seo, oibríonn múinteoirí na scoile le chéile le hathbhreithniú a dhéanamh ar shamplaí d'obair na ndaltaí. Baineann siad úsáid as critéir réamhbhunaithe (na ráitis sna Leibhéil de Dhul Chun Cinn sa chás seo) le teacht ar chomhaontú maidir leis an ghnáthchaighdeán ag leibhéal áirithe. Cothaíonn seo comhthuiscint ar:

- na caighdeáin iad féin;
- na dóigheanna le tabhairt faoin mheasúnú; agus
- an dóigh leis na caighdeáin a chur i bhfeidhm agus obair na ndaltaí á measúnú.

Buntáistí do Scoileanna

Má bhunaítear próiseas caighdeánaithe inmheánaigh:

- cinntíonn sé go mbíonn an fhoireann ábhartha páirteach sa phlé maidir leis na caighdeáin;
- cuireann sé faisnéis ar fáil a chuidíonn le pleanáil churaclaim, agus bíonn teagasc agus foghlaim níos éifeachtaí ann dá bharr; agus
- is féidir go gcuideodh sé le scoileanna ábhair chuí a roghnú le cur isteach sna hiontrálacha don mhodhnóireacht.

Caighdeánú Inmheánach agus na Scileanna Traschuraclaim

Tá measúnú reachtúil ar na Scileanna Traschuraclaim i gCuraclam Thuaisceart Éireann bunaithe ar mheasúnú múinteora, agus mar sin de, tá sé tábhachtach go mbeidh múinteoirí in ann teacht ar chomhthuiscint i dtaca le feidhmíocht agus gnóthachtáil daltaí atá ag obair ag leibhéal áirithe.

Beidh a lán múinteoirí ann a bhí páirteach in imeachtaí leis na caighdeáin a shocrú cheana féin a dhíríonn ar chomhthuiscint a fhorbairt ar ghnóthachtáil na ndaltaí. Baineann an caighdeánú inmheánach leis seo a thabhairt céim níos faide chun tosaigh, agus scoileanna ag bunú próiseas dá gcuid féin le comhthuiscint ar chaighdeáin a chinntiú.

Próiseas Caighdeánú Inmheánach a Bhunú

I dtús báire, ba chóir do phríomhoide na scoile, don fhoireann shinsearach bhainistíochta agus/nó don chomhordaitheoir measúnaithe cinneadh a dhéanamh cé a shocróidh agus cé a ghlacfaidh páirt sa phróiseas caighdeánaithe inmheánaigh. Ba chóir go mbeadh na múinteoirí uilig a bheidh ag déanamh measúnuithe agus ag tuairisciú ar na Scileanna Traschuraclaim le tagairt do na Leibhéil de Dhul Chun Cinn páirteach ann.

Is fearr díriú ar aon ghné amháin de Scil Traschuraclaim ag an am ar fud na scoile – mar shampla, an Scríbhneoireacht – agus gan iarracht a dhéanamh barraíocht a dhéanamh sa chruinniú. Is dócha gur próiseas leanúnach a bheidh sa chaighdeánú inmheánach.

Déan machnamh ar na rudaí seo a leanas:

Rannpháirteacht na Foirne	Ar chóir na daoine seo a leanas a bheith rannpháirteach ann? <ul style="list-style-type: none"> • bliainghrúpaí? • ranna Eochairchéim 3? • foireann ó aonaid speisialta? • cnuasghrúpaí (i gcás scoileanna beaga)?
Amscálaí	Cá fhad ba chóir do chruinnithe maireachtáil? Cé chomh minic ba chóir dóibh bheith ann? Cá mhéad cruinniú ar chóir duit a phleanáil?
Grúpáil	Ar chóir do rannpháirtithe a bheith ag obair: <ul style="list-style-type: none"> • i mbeirteanna? • i ngrúpaí cothrománacha (mar shampla, taobh istigh de bhliainghrúpa amháin?) • i ngrúpaí ingearacha (mar shampla, bliainghrúpaí éagsúla a thabhairt le chéile)?
Ábhar	Cén Scil Traschuraclaim a mbeidh tú ag díriú uirthi ag gach cruinniú? Cén ghné den scil sin? Cé acu leibhéil?

Cruinniú Caighdeánaithe Inmheánaigh a Eagrú

Tá sé tábhachtach ullmhúchán a dhéanamh roimh gach cruinniú caighdeánaithe inmheánaigh.

Roimh an Chruinniú

- Déan cinnte de go dtuigeann gach duine cad é air a mbeidh an cruinniú dírithe,
- mar shampla Scríbhneoireacht don Chumarsáid nó Láimhseáil Sonraí d'Úsáid na Matamaitice.
- Roghnaigh na píosaí d'obair na ndaltaí ar a mbeidh tú ag díriú. Más mian leat úsáid a bhaint as obair do dhaltai féin, tabhair go leor ama do mhúinteoirí samplaí cuí a roghnú roimh an chruinniú. B'fhéidir go mbeadh siad ag iarraidh nótaí a chur leis na samplaí le faisnéis bhreise chomhthéacs a bheidh úsáideach do bhaill eile den fhoireann.
- Cuir an obair i gceann a chéile agus/nó déan an obair a fhótachóipeail le go mbeidh go leor cóipeanna ann do gach duine. D'fhéadfá an obair a chur thart le linn an chruinnithe, nó leagan leictreonach a thaispeáint.
- Déan cinnte de go bhfuil cóipeanna de na Leibhéil de Dhul Chun Cinn agus d'ábhar tacaíochta eile ar fáil le cuidiú le múinteoirí teacht ar chomhaontú ar chaighdeán. Tá sonraí breise sna Leibhéil de Dhul Chun Cinn: Ráitis Shinte do gach Scil Thraschuraclaim.
- Socraigh cén dóigh a ndéanfar tuairimí gach grúpa a chruinniú le chéile agus a roinnt.

Le Linn an Chruinnithe

- Déan cinnte de go dtig le gach duine atá páirteach a gcuid tuairimí a thabhairt; ba chóir go dtabharfar aitheantas d'ionchur gairmiúil gach múinteora tríd an phróiseas seo.
- Déan cinnte de go bhfuil teacht ag gach múinteoir ar obair na ndaltaí agus go bhfuil a fhios aige/aici an comhthéacs inar comhlíonadh í.
- Sainmhínigh arís an ghné de na Scileanna Traschuraclaim ar a bhfuil sibh ag díriú.
- Cuir am i leataobh do mhúinteoirí gach píosa oibre a phlé, agus iad ag tagairt do na Leibhéil de Dhul Chun Cinn agus leibhéal a bhronnadh ar gach píosa. B'fhéidir go mbeadh siad ag iarraidh nótaí a chur leis an obair mar thaifead ar ghnéithe den phlé agus a cinntí a tháinig as.
- Má bhí múinteoirí ag obair i ngrúpaí, tabhair le chéile arís iad le haiseolas a thabhairt. Ba chóir:
 - na leibhéil shealadacha a bhronn gach grúpa a phlé; agus
 - iarracht a dhéanamh teacht ar chomhaontú maidir le leibhéal foriomlán do gach píosa oibre.
- Coinnigh taifead de na cinntí a rinneadh ag an chruinniú le go dtig leis an fhoireann tagairt a dhéanamh dóibh ina dhiaidh. Mar shampla, d'fhéadfá Iontráil Chumarsáid Scoile inmheánach a chruthú ag baint úsáid as na píosaí ar comhaontaíodh orthu ag caighdeánú inmheánach.

Dul Chun Cinn taobh istigh de Leibhéal a Shainathint

Chomh maith le leibhéal a bhronnadh ar gach píosa oibre le linn caighdeánaithe inmheánaigh, b'fhéidir go mbeadh sé ina chuidiú cinneadh a dhéanamh maidir leis an áit a seasann an píosa oibre **taobh istigh** de leibhéal. Is féidir seo a dhéanamh ar cibé dóigh a fhoireann don scoil, mar shampla, is féidir úsáid a bhaint as Leibhéal 2-, 20 nó 2+, nó Leibhéal 2.1, 2.2 nó 2.3. **Ní** riachtanas reachtúil é seo (agus ní iarrfar ar scoileanna é a thuairisciú do CCEA ná do thuismitheoirí ar an dóigh seo), ach is féidir leis a bheith ina chuidiú le comparáid a dhéanamh idir píosaí oibre agus le dul chun cinn na ndaltaí a aithint thar am.

Ag Deireadh an Chruinnithe

Déan machnamh ar na rudaí seo a leanas:

- An gá an ghné/scil seo a phlé arís ag cruinniú eile?
- Ar chóir tabhairt faoi réimse/scil eile an chéad uair eile?
- Cad é a d'fhoghlaim sibh faoi leibhéil oibre a bheadh ina chuidiú le pleanáil amach anseo?
- Más amhlaidh nach raibh ach grúpa beag den fhoireann páirteach sa chruinniú, cad é mar is féidir na torthaí a scaipeadh le baill eile na foirne?

